Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**13012/26**

**POLCOM 307**
**SPG 6**
**DELACT 143**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 6211 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 10.9.2026 lena leagtar síos rialacha i ndáil leis an nós imeachta maidir le deonú an tsocraithe speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas (GSP+) faoi Rialachán (AE) 2026/1395 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 6211 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 6211 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.9.2026
C(2026) 6211 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.9.2026**

**lena leagtar síos rialacha i ndáil leis an nós imeachta maidir le deonú an tsocraithe speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas (GSP+) faoi Rialachán (AE) 2026/1395 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá fabhair thrádála á ndeonú ag an Aontas Eorpach (AE) do thíortha i mbéal forbartha trí Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife (scéim GSP) ó bhí 1971 ann. Is cuid de chomhbheartas tráchtála an Aontais í an scéim, i gcomhréir leis na forálacha ginearálta lena rialaítear a chuid gníomhaíochta seachtraí.

Glacadh an rialachán nua maidir le GSP, is é sin Rialachán (AE) 2026/1395, an 17 Meitheamh 2026. Leis an rialachán céanna, coinnítear na príomhghnéithe a bhain le Rialachán GSP (Uimh. 978/2012), agus tugtar é sin cothrom le dáta de réir mar is gá. Chun deimhneacht dhlíthiúil agus cobhsaíocht na scéime GSP nua a áirithiú, ba cheart na rialacha nós imeachta gaolmhara a choinneáil agus a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá ar an gcaoi chéanna, chun go mbeidh siad ag teacht le heilimintí nua de chuid Rialachán GSP.

Le hAirteagal 9(1) agus Airteagal 10 de Rialachán GSP leagtar síos na ceanglais maidir le deonú na bhfabhar taraife faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas (GSP+). An cúram rialacha nós imeachta a leagan síos maidir le hiarrataí ar GSP+ a chur isteach, tá sé leagtha ar an gCoimisiún ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle.

### 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le mír 4 den Chomhthuiscint ar ghníomhartha tarmligthe idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún Eorpach, rinneadh comhairliúcháin thrédhearcacha iomchuí, comhairliúcháin ar leibhéal na saineolaithe san áireamh, maidir leis an ngníomh tarmligthe seo, rud a rinneadh trí chruinnithe de Ghrúpa Saineolaithe GSP an 10 agus an 30 Meitheamh 2026 go háirithe.

### 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 10(7) de Rialachán GSP, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh chun rialacha a leagan síos i ndáil leis an nós imeachta maidir le GSP+ , i dtaobh spriocdhátaí maille le cur isteach agus próiseáil iarrataí go háirithe.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 10.9.2026**

**lena leagtar síos rialacha i ndáil leis an nós imeachta maidir le deonú an tsocraithe speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas (GSP+) faoi Rialachán (AE) 2026/1395 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear i bhfeidhm scéim ghinearálaithe um fhabhair tharaife agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 2026/1395 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2026 lena gcuirtear i bhfeidhm scéim um fhabhair tharaife ghinearálaithe agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 978/2012 ('Rialachán GSP' anseo feasta)[1], agus go háirithe Airteagal 10(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 9(1) agus Airteagal 10 de Rialachán GSP leagtar síos na ceanglais maidir le deonú na bhfabhar taraife faoin socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas (GSP+). Chun trédhearcacht agus intuarthacht an phróisis a áirithiú, thug Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun rialacha a leagan síos i ndáil leis an nós imeachta um dheonú an stádais tír is tairbhí de GSP+, i dtaobh spriocdhátaí maille le cur isteach agus próiseáil iarrataí go háirithe.

(2) Is iomchuí go gcoimeádfaidh an Coimisiún eolas cuí le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle maidir le céimeanna tábhachtacha nós imeachta de chur chun feidhme Rialachán GSP, deonú GSP+ cuir i gcás,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Cur isteach na hIarrata**

1. Cuirfidh an tír iarrthach a hiarraidh isteach i scríbhinn i gcomhréir le hAirteagal 10(1) agus 10(2) de Rialachán GSP. Luafaidh an tír iarrthach go sainráite go n-iarrann sí tairbhiú den socrú speisialta dreasachta um fhorbairt inbhuanaithe agus dea-rialachas (GSP+) dá bhforáiltear faoi Airteagal 9(1) de Rialachán GSP.

2. Ní mór na doiciméid seo a leanas a bheith ag gabháil leis an iarraidh:

   (a) faisnéis chuimsitheach maidir le daingniú na gcoinbhinsiún a liostaítear in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán GSP (na 'coinbhinsiúin ábhartha'), lena n-áirítear cóip de na hionstraimí daingniúcháin a cuireadh faoi bhráid na heagraíochta idirnáisiúnta ábhartha, na forchoimeádais a rinne an tír iarrthach

[1] IO L, 2026/1395, 22.6.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1395/oj.

agus na hagóidí a rinne páirtithe eile sa choinbhinsiún i gcoinne na bhforchoimeádas sin;

(b) an gealltanas ceangailteach, gealltanas arb é an chaoi a bhfuil le déanamh údarás inniúil na tíre iarrthaí an fhoirm san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a shíniú, agus a mbeidh na nithe seo a leanas ag gabháil leis:

(i) ráiteas i dtaobh an ghealltanais daingniú na gcoinbhinsiún ábhartha a choinneáil ar bun agus cur chun feidhme éifeachtach na gcoinbhinsiún sin a shaothrú agus a áirithiú, agus plean gníomhaíochta mar bhonn taca leis an méid sin;

(ii) ráiteas i dtaobh glacadh gan forchoimeádas a bheith leis na ceanglais tuairiscithe arna bhforchur le gach ceann de na coinbhinsiúin ábhartha agus glacadh a bheith leis go ndéanfar faireachán agus athbhreithniú tráthrialta ar an gcur chun feidhme, i gcomhréir le forálacha na gcoinbhinsiún ábhartha;

(iii) ráiteas i dtaobh an ghealltanais a bheith rannpháirteach sa nós imeachta faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 13 de Rialachán GSP agus comhoibriú leis an nós imeachta sin;

(c) plean gníomhaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(10) de Rialachán GSP agus i gcomhréir le hAirteagal 9(1)(d) agus Airteagal 9(3) de Rialachán GSP.

3. Chun an próiseas athbhreithniúcháin a éascú, is i mBéarla a chuirfear isteach gach iarraidh agus an doiciméadacht uile a ghabhann leo. Murab é an Béarla teanga na cóipe de na doiciméid a luaitear faoi phointe 2(a), beidh aistriúchán Béarla ag gabháil leis an gcóip.

4. Déanfar an iarraidh agus na doiciméid a ghabhann léi a chur faoi bhráid an Choimisiúin i bhformáid leictreonach.

5. Chun malartú agus fíorú faisnéise a éascú, san iarraidh a dhéanfaidh an tír, tabharfaidh sí don Choimisiún sonraí teagmhála an duine inniúil atá freagrach as an iarraidh.

6. Measfar gurb é an lá a taisceadh an iarraidh an chéad lá oibre tar éis don Choimisiún admháil fála a eisiúint.

*Airteagal 2*

**Scrúdú na hiarrata**

1. Tabharfaidh an Coimisiún faoi scrúdú féachaint ar comhlíonadh coinníollacha Airteagal 9(1) de Rialachán GSP. Agus an iarraidh á scrúdú aige, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na conclúidí is déanaí atá curtha ar fáil ag comhlachtaí faireacháin na gcoinbhinsiún ábhartha, agus ar fhaisnéis ábhartha ó fhoinsí eile, an tsochaí shibhialta san áireamh, de réir mar is iomchuí. Féadfaidh sé aon cheist a mheasann sé a bheith ábhartha a chur ar an tír iarrthach agus féadfaidh sé fíorú i leith na faisnéise a fuarthas a lorg ón tír iarrthach nó ó fhoinsí ábhartha eile.

2. Mura gcuirfear an fhaisnéis is gá ar fáil mar a éilítear in Airteagal 10(2) de Rialachán GSP nó arna iarraidh sin don Choimisiún, d’fhéadfadh sé go gcinnfí an iarraidh a dhiúltú dá réir.

3. Faoi cheann 6 mhí ón dáta a eiseoidh an Coimisiún admháil fála i leith an iarratais, tabharfaidh sé scrúdú na hiarrata i gcrích agus déanfaidh sé cinneadh i dtaobh cé acu a dheonóidh sé an socrú GSP+ don tír iarrthach nó nach ndeonóidh.

4. I gcás ina gcinneann an Coimisiún gan an socrú GSP+ a dheonú do thír iarrthach, féadfaidh sé, de réir mar is iomchuí, a chur in iúl don tír iarrthach cé na coinníollacha de chuid Airteagal 9(1) de Rialachán GSP atá comhlíonta, más ann dóibh, agus cé na gnéithe a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu go fóill. I gcás ina gcuireann an tír iarrthach iarraidh nua isteach laistigh de 2 bhliain tar éis thabhairt i gcrích an scrúdaithe, féadfaidh an Coimisiún an measúnú a rinne sé roimhe sin a chur san áireamh.

*Airteagal 3*

**Comhad comhdhéanta**

1. Cuirfidh an Coimisiún comhad comhdhéanta i dtoll a chéile. Sa chomhad sin beidh na doiciméid a chuir an tír iarrthach isteach, agus an fhaisnéis ábhartha a fuair an Coimisiún.

2. Comhlíonfaidh inneachar comhaid chomhdhéanta na forálacha rúndachta i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán GSP.

3. Tá sé de cheart ag an tír iarrthach rochtain a bheith aici ar an gcomhad comhdhéanta. Ach é a iarraidh i scríbhinn, féadfaidh sí an fhaisnéis uile atá sa chomhad comhdhéanta a iniúchadh, seachas doiciméid inmheánacha arna n-ullmhú ag institiúidí an Aontais nó ag údaráis na mBallstát.

*Airteagal 4*

**Nochtadh**

1. Cuirfidh an Coimisiún in iúl don tír iarrthach na mionsonraí is bonn do na fíorais agus na breithniúcháin bhunúsacha a ndearnadh cinntí an Choimisiúin dá réir.

2. Is i scríbhinn a dhéanfar an nochtadh, agus cuirfear cosaint faisnéise rúnda san áireamh mar is cuí, i gcomhréir le hAirteagal 47 de Rialachán GSP. Cuimseoidh an scríbhinn sin fionnachtana an Choimisiúin, agus léireofar inti an rún sealadach atá aige i dtaobh cé acu a dheonófar an socrú GSP+ do thír iarrthach nó nach ndeonófar.

3. Déanfar an nochtadh a luaithe is féidir agus, de ghnáth, déanfar é tráth nach déanaí ná 45 lá roimh chinneadh cinntitheach ón gCoimisiún i dtaobh aon togra maidir le gníomhú críochnaitheach. Má tá fíorais nó breithniúcháin áirithe nach féidir leis an gCoimisiún a nochtadh an t-am sin, nochtfar iad sin a luaithe is féidir ina dhiaidh sin.

4. Ní rud é an nochtadh a ndéanfar dochar dá réir d'aon chinneadh a dhéanfar amach anseo. Más ar aon fhíoras eile nó ar aon bhreithniúchán eile a bhunófar cinneadh eile amach anseo, nochtfar iad sin a luaithe is féidir.

5. Aon aighneacht a dhéanfar tar éis an nochtadh a thabhairt, ní chuirfear san áireamh í ach amháin má fhaightear í laistigh den tréimhse a shocróidh an Coimisiún i ngach cás, tréimhse nach mbeidh níos lú ná 14 lá, i bhfianaise na práinne a bhaineann leis an gceist.

*Airteagal 5*

**Éisteacht ghinearálta**

1. Tá sé de cheart ag tír iarrthach éisteacht a fháil os comhair an Choimisiúin.

2. Cuirfidh tír iarrthach iarraidh isteach i scríbhinn ina sonrófar cé na húdair atá le héisteacht ó bhéal a thabhairt di. Cuirfear iarrataí dá leithéid faoi bhráid an Choimisiúin mí ar a mhéid tar éis an dáta a eisíodh admháil fála maidir leis an iarraidh.

*Airteagal 6*

**Rannpháirtíocht an Oifigigh Éisteachta um Imeachtaí Trádála**

1. Ar fhoras nós imeachta, féadfaidh tír iarrthach a iarraidh freisin go ndéanfadh an tOifigeach Éisteachta um Imeachtaí Trádála idirghabháil. Athbhreithneoidh an tOifigeach Éisteachta um Imeachtaí Trádála iarrataí ar rochtain ar an gcomhad comhdhéanta, díospóidí maidir le rúndacht na ndoiciméad, iarratais go gcuirfí siar teorainneacha ama, agus iarratais ó thíortha iarrthacha ar éisteacht a fháil.

2. Má bhíonn éisteacht ó bhéal ag an tír iarrthach os comhair an Oifigigh Éisteachta um Imeachtaí Trádála, beidh ranna ábhartha an Choimisiúin rannpháirteach san éisteacht sin.

*Airteagal 7*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10.9.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*